# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Seachtain Mhór na Cásca

Is í seo an tSeachtain Mhór nó Seachtain na Cásca mar a thugtar ar an seachtain díreach roimh Dhomhnach na Cásca. Tagann Domhnach na Pailme ag tús na seachtaine agus céasadh Críost ar Chnoc Calvaraí ar Aoine an Chéasta.

Go moch maidin Domhnach Cásca agus bíonn áthas agus gliondar ar gach éinne. Deirtear go mbíonn an ghrian ag rince le háthas chun aiséirí Íosa a fhógairt. In áiteanna léitear Aifreann na Cásca ar bharr cnoic ag breacadh an lae agus deirtear go bhfeictear an ghrian ag glioscarnaigh agus ag rince timpeall na spéire. Deirtear go mbíonn an coileach ag fógairt an lae chomh maith agus ag glaoch amach go hard soiléir: 'Tá Mac na hÓighe Slán! Tá Mac na hÓighe Slán!'

Fadó d'itíodh a lán uibheacha ar Dhomhnach Cásca mar ní bhídís ceadaithe ó Mháirt na bPancóg ag tús an Charghais. Siombal ab ea an t-ubh den bheatha nua. Is uibheacha seacláide áfach a bhíonn á gceannach agus á n-ithe na laethanta seo. Dheintí agus fós déantar turasanna go toibreacha beannaithe mórthimpeall na tíre ar Dhomhnach Cásca.

Guíonn Glór Cheatharlach beannachtaí na Cásca ar léitheoirí uile an leathanaigh seo. Cáisc Shona daoibh go léir!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| An tSeachtain Mhór | Holy Week |
| Domhnach Cásca | Easter Sunday |
| Aoine an Chéasta | Good Friday |
| gliondar | delight |
| breacadh an lae | daybreak |
| beatha nua | new life |
| ag rince | dancing |
| toibreacha | wells |
| Cáisc Shona | Happy Easter |




**An Cúinne Gaeilge do pháistí i Siopa Easons**

## Cúinne Gaeilge i Siopa Easons

Cuireadh cúinne speisialta ar fáil d'ábhar Gaeilge do pháistí i Siopa Easons i gCeatharlach mar chuid d'Fhéile na Gaeilge. Bhí rogha bhreá de chluichí agus leabhair as Gaeilge ann oiriúnach do gach aoisghrúpa. Léiríodh an-suim go deo ins an scrabble as Gaeilge chomh maith leis na míreanna mearaí oideachasúla. Cluichí bunaithe ar dhathanna, uimhreacha agus an aibitír gan trácht ar na cártaí snap is mó a thaitin leis na páistí is óige.

D'éirigh chomh maith san leis an tionscnamh i rith Mhí an Mhárta go bhfuil cinneadh glactha ag bainisteoir an tsiopa leanúint ar aghaidh leis an gCúinne Gaeilge as seo amach. Cuirfear leis an stór agus an réimse ábhair i rith an ama ag braith ar éileamh. Moltar do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí súil a chaitheamh ar an ábhar sa Chúinne Gaeilge agus leabhar nó cluiche á roghnú acu mar bhronntanas d'ócáidí speisialta i saol an pháiste. Is nós iontach é léitheoireacht a chothú mar chaitheamh aimsire i measc an óige. Is deas leabhar Gaeilge a chur san áireamh mar chuid den rogha léitheoireachta.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| cúinne | corner |
| ábhar | material |
| rogha | choice |
| cluichí | games |
| míreanna mearaí | jigsaws |
| cinneadh | decision |
| éileamh | demand |
| nós | habit |
| léitheoireacht | reading |

**Áine Ní Fhaoláin agus Jill Ní Drisceoil sáite i leabhair Ghaeilge i Siopa Easons**

## Tráth na gCeisteanna d'iarbhunscoileanna ag Féile na Gaeilge

Bhí eolas, oireas, agus eagna ag teastáil le déanaí i gCeatharlach. Reachtáladh dhá chomórtas Thráth na gCeistboird d'iarbhunscoileanna mar chuid d'Fhéile na Gaeilge i rith Mhí an Mhárta: ceann amháin dírithe ar na sóisir agus ceann na sinsear do lucht na hidirbhliana agus bliain a cúig.

Bhí beagnach fiche foireann i láthair do Thráth na gCeist na sóisear, a bhí ar siúl in Ionad Pharóiste na hArdeaglaise, le daltaí ó Choláiste FCJ Bhun Clóidí, Ghaelcholáiste Cheatharlach agus Choláiste an Chnoic Bhig páirteach ann. Bhí éagsúlacht an-mhaith de cheisteanna le freagairt, bunaithe ar cheol, chúrsaí reatha, spórt, scannáin, stair, tíreolas agus eolas ginearálta. Bhí foi 2ú rne na trí scoileanna san áireamh do na duaiseanna, le buachaillí an Chnoic Bhig sa 1ú áit, foireann as FCJ sa áit agus foireann ó Ghaelcholáiste Cheatharlach sa 3ú áit.

Ag tús na míosa, bhí Tráth na gCeist na sinsear ar siúl, le daltaí ag teacht ó Ghairmscoil Cheatharlach, Ghaelcholáiste Cheatharlach, Acadamh Naomh Muire, Chnoc Beag, Choláiste Leoin Naofa, Scoil Phobail Tulach agus Ghairmscoil Mhuine Bheag. Aríst, bhí ceisteanna de chuile shórt á bhfógairt agus bhí an-iarracht déanta ag na foirne uilig. Tháinig foireann ó Chnoc Beag sa 1ú áit agus bhí comhscór ann don 2ú áit, le foireann eile ó Chnoc Beag agus foireann ó Choláiste Leoin Naofa i measc na mbuaiteoirí.

Chuir na buaiteoirí go léir fáilte roimh na huibheacha cásca a bhí mar dhuaiseanna agus deineadh comhgháirdeachas leis na foirne go léir a ghlac páirt sa dá ócáid taitneamhach. Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na foirne uilig a bhí páirteach agus le hIonad Pharóiste na hArdeaglaise as na háiseanna a chur ar fáil dúinn. Ócáidí deasa ab ea iad chun Féile na Gaeilge a cheiliúradh agus is cinnte go mbeidh éileamh ar a thuilleadh imeachtaí mar iad sa todhchaí. Is iomaí na saoithe atá againn anseo i gCeatharlach!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| eolas | knowledge |
| oireas | records |
| eagna | wisdom |
| sóisear | junior |
| sinsear | senior |
| éagsúlacht | variety |
| buaiteoirí | winners |
| comhscór | tie |
| todhchaí | future |

**Buaiteoirí Thráth na gCeist na sinsear ó Choláiste an Chnoic Bhig agus Coláiste Naomh Leoin**

## Grange

Contact: Denis Ruschitzko
TEL: 086 3276279
Email: druschitzko@eircom.net

**COMMUNITY ALERT PRESENTATION**
Grange community alert group has arranged for Sgt Peter McConnon, crime prevention officer for the Carlow/Kilkenny area, to make a presentation on crime prevention in Killerig Golf Club on Thursday 9 April at 8pm. All are welcome to attend.

**GIRLS' FOOTBALL**
St Anne's juvenile football club will register girls aged U8 to U14 in Bro Leo Park tonight (Tuesday) at 6pm. Registration costs €10 for U10s and €15 for girls aged ten and over.
Training is held every Tuesday from 6pm to 7pm in Bro Leo Park. Further details are available from Charlene Butler on 087 2776225.

**JUVENILE GAA**
Grange juvenile GAA club will register players tomorrow (Wednesday) at 6.30pm. Training for boys and girls, U6, U8 and U10 takes place on Wednesdays at 6.30pm.

**INFORMATION MORNING**
Tullow GROW will hold an information morning today (Tuesday) at 11.30am in Forward Steps resource centre. GROW is delighted to introduce its new group for people struggling with any long- term illness. It is founded on the principle that whatever a personís condition is, their experiences are uniquely valuable. Meetings are anonymous, confidential and free. Contact Ellen on 087 2291718 for more information or visit www.grow.ie.

**HOLY WEEK CEREMONIES**
Wednesday 1 April, Mass at 9.30am, penetential service at 7.30pm.
A big welcome is extended to the island of Ireland peach choir that will lead in reflective music and song; Holy Thursday, no morning Mass. Mass of the Lordís supper in Grange at 6pm, Ardattin at 7pm and Tullow at 8pm, followed by adoration of the blessed sacrament from 8.30pm to 10pm and night prayer at 10am; Good Friday, stations of the cross beginning at St Columba's church at noon and proceeding up Tullowhill, celebration of our Lord's passion in Tullow at 3pm, Ardattin at 5pm and Grange at 5pm, silent prayer around the cross in Tullow at 8pm followed by night prayer at 10pm; Holy Saturday, no morning Mass in Tullow, blessing of Easter food in Tullow at 11am, no 7.30pm Mass in Tullow, Mass of the resurrection in Tullow at 9pm; Easter Sunday, Mass in Tullow at 8.30am and 11.30am, Grange at 9.30am and Ardattin at 10.30am.